2024/2654

9.10.2024

CINNEADH (CBES) 2024/2654 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/1693 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/1693 ([1]).

(2) Tá feidhm ag na bearta sriantacha a leagtar amach in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(3) agus (4) de Chinneadh (CBES) 2016/1693 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2024.

(3) Tá ceanglas i gCinneadh (CBES) 2016/1693, athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta sriantacha a leagtar amach in Airteagal 2(2) agus Airteagal 3(3) agus (4) de go tráthrialta agus gach 12 mhí ar a laghad. Ar bhonn athbhreithniú ar an gCinneadh sin, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha sin go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2016/1693 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 6 de Chinneadh (CBES) 2016/1693, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Beidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) agus in Airteagal 3(3) agus (4) go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2025.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus i gcoinne daoine, grúpaí, gnóthais agus eintitis a bhfuil baint acu leo agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2002/402/CBES (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25).